**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000104/2018**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Cecilia Wikström, Sophia in 't Veld, Nathalie Griesbeck, Louis Michel, Maite Pagazaurtundúa Ruiz, Morten Helveg Petersen, Gérard Deprez**
thar ceann an Ghrúpa ALDE

Ábhar: Ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i dtaca le himirce a bhainistiú

In éagmais dlúthpháirtíocht níos mó i measc Bhallstáit AE i dtaca le bainistiú a dhéanamh ar imirce agus glacadh a sholáthar d'iarrthóirí tearmainn, lena n-áirítear trí chóras Bhaile Átha Cliath a fheidhmíonn, tá géarchéim bheartais ann ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta, ina bhfágtar údaráis áitiúla agus réigiúnacha (UARnna) gan ach acmhainn agus treoir theoranta i ndáil le glacadh agus tacú le himircigh agus dídeanaithe. Cé go bhfuil dlúthpháirtíocht mhór léirithe ag mórán UARnna i dtaca le fáiltiú agus i dtaca le rochtain ar sheirbhísí amhail tithíocht, cúram sláinte, agus oideachas a áirithiú, agus le lánpháirtiú fadtéarmach imirceach agus dídeanaithe atá ina gcónaí ar an gcríoch áitiúil a chumasú agus a chur chun cinn, go minic ní thacaítear lena n-iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta le maoiniú leordhóthanach agus le creataí dlíthiúla.

I bhfianaise a bhfuil thuas, an measfadh an Coimisiún go bhfuil gá leis na nithe seo a leanas:

1. Dícheall a dhéanamh, ar leibhéal an Aontais, chun dlúthpháirtíocht níos mó agus comhordú níos éifeachtaí a bhaint amach i measc na mBallstát, lena n-áirítear trí athchóiriú ar chóras Bhaile Átha Cliath agus coinníollacha glactha a chur ar fáil de réir mar a leagtar amach i dtuarascálacha Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tsaincheist sin?

2. Tiomantas fadtéarmach a chur ar fáil – ó rialtais náisiúnta agus ón Aontas Eorpach – i dtaca le maoiniú díreach a mhéadú do chathracha agus do réigiúin trí rochtain dhíreach ar mhaoiniú ábhartha CAI d'UARnna a dheonú, go háirithe i bhfianaise phríomhról UARnna i nglacadh iarrthóirí tearmainn a áirithiú, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí agus lánpháirtiú fadtéarmach i bpobail óstacha?

3. Ardán a chur ar bun d'UARnna chun a bpleananna teagmhasacha faoi seach le haghaidh glacadh iarrthóirí tearmainn agus rochtain ar sheirbhísí amhail oideachas do leanaí i scoileanna áitiúla agus rochtain ar chúram sláinte agus tithíochta a tharraingt suas agus a chomhroinnt ar bhonn deonach?

4. Creat dlíthiúil ar leith a fhorbairt chun tionscnaimh agus gníomhaíochtaí UARnna a éascú i dtaca le fáiltiú roimh dhídeanaithe agus imircigh, agus chun dul i gcomhairle le leibhéil áitiúla agus réigiúnacha rialtais agus an creat dlíthiúil agus riaracháin thuasluaite á fhorbairt agus iad a dhéanamh rannpháirteach sna bearta arna nglacadh i ndáil lena gcríocha?

5. Beartais sholúbtha um imirce lucht oibre a chur ar bun chun a áirithiú gur féidir le cuideachtaí agus fostóirí rochtain a fháil ar na hacmhainní daonna atá de dhíth orthu, chun próisis chomhtháthaithe luatha a éascú agus chun rannpháirtíocht náisiúnach seachtrach i ngnóthaí na n-údarás áitiúil a chothú a luaithe a bheidh a stádas cónaithe soiléirithe, tríd an bPrótacal breise a ghabhann leis an gCairt Eorpach um Fhéinrialú Áitiúil (CETS Uimh. 207) a shíniú agus a dhaingniú?

Curtha síos: 19.9.2018
Curtha ar aghaidh: 21.9.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 28.9.2018